# Líofacht na léitheoireachta

## Cad é atá i gceist leis an straitéis seo?

- Is droichead í líofacht na léitheoireachta idir aithint focal agus tuiscint (Pikulski & Chard, 2005).
- Is gá líofacht na léitheoireachta a theagasc agus a chleachtadh le léitheoirí a dhéanamh neamhspleách agus leis an tuiscint a ardú.
- Ní gá go mbeadh páistí ag léamh os ard i ngach ceacht léitheoireachta (níl ann ach le líofacht a chleachtadh sna ceachtanna seo).
- Tá nasc idir an léitheoireacht os ard agus an léitheoireacht chiúin (neamhspleách).
- Is straitéis í seo atá éifeachtach sa chéad agus sa dara teanga, mar sin, má fhorbaítear i nGaeilge í beidh na léitheoirí ag cur leis an straitéis i nGaeilge agus i mBéarla.

## Cén fáth a múintear í?

- Nuair a léitear téacs arís agus arís eile cuirtear le tuiscint, forbairt foclóra, foghraíocht, tuiscint ar ghramadach, úsáid chomhréir na Gaeilge, muinín an léitheora agus go leor leor eile.
- Má léitear sliocht nó alt arís agus arís eile don chleachtadh líofachta aistríonn an scil a bhaineann leis sin go sleachta agus ailt eile. Tá fianaise ann chomh maith go n-aistríonn na buntáistí a bhaineann leis go teangacha eile!

## An straitéis a mhúineadh

Is féidir líofacht na léitheoireachta a theagasc tríd an athléamh. Tagann feabhas ar an léitheoireacht gach uair a léitear téacs. Baineann líofacht sa léitheoireacht le **luas agus prosóid**. Sa chás seo ciallaíonn prosóid iontonú agus béim chuí sa léitheoireacht os ard. Nuair a léitear téacsanna arís agus arís eile cuirtear feabhas ar an luas. Le prosóid a fheabhsú dírigh aird ar phoncaíocht, ar fhrásaí agus ar leagan amach an téacs.

*(Cur chuige céimnithe)*

**1 . Múnlaigh**

- Léigh os ard.
- Smaoinigh os ard mar léitheoir. Cuir ceisteanna a léiríonn tuiscint.

**2. Mínigh**

- Ainmnigh an straitéis.
- Mínigh cén uair agus cén fáth a n-úsáidtear í.

**3. Cleachtadh le tacaíocht**

- Léigh an téacs arís le macalla/go córúil le rang/grúpa.
- Dírigh aird ar phoncaíocht, ar ghuth agus ar iontonú.

4.**Cleachtadh neamhspleách**

- Daltaí ag úsáid na straitéise leo féin, ag athléamh le chéile.

**5. Athmhachnamh**

- Plé: *Ar chuidigh an straitéis leat?*

**Gníomhaíochtaí molta**

- Pléigh ranga le téacs samplach. Na gnéithe líofachta a phlé.
- Bain úsáid as téacs atá briste ina chodanna do léitheoirí le sealanna a ghlacadh agus leis an léitheoireacht a chleachtadh le chéile.
- Bain úsáid as Dráma Léitheoireachta le hathléamh a spreagadh le grúpaí.
- Tabhair an Dráma Léitheoireachta do ghrúpa, ag tabhairt páirteanna cuí do gach léitheoir. Léigh an téacs ar fad go córúil/le macalla mar chéad chéim. Dírigh aird ar phoncaíocht, ar ghuth, ar iontonú agus ar bhéim chuí sa léitheoireacht. Ansin lig do na grúpaí an téacs a léamh agus a athléamh leis an léitheoireacht a fheabhsú.

**Teanga úsáideach don rang**

Luas compordach mar a bheadh caint nádúrtha ann, léirigh an phoncaíocht sa léitheoireacht, déan athléamh, léirigh guth/iontonú/airde sa léitheoireacht.

**Cad é atá le déanamh ag na páistí?**

An bhfuil na páistí:

- ag úsáid na straitéise go feasach?
- ag úsáid teanga chuí?
- ag míniú a smaointeoireachta?
- ag úsáid fianaise ón téacs?
- ag léiriú scileanna neamhspleácha?

**Leideanna don mhúinteoir**

- Ná múin an iomarca straitéisí ag an am céanna.
- Fill ar an straitéis go rialta.
- Ní gá gníomhaíocht scríofa gach uair.
- Úsáid plé ó bhéal go minic.

**Príomhphointe**


Is é an sprioc ná go roghnóidh daltaí an straitéis go neamhspleách agus iad ag léamh. Roghnóidh siad an t-athléamh le cuidiú leo téacs a thuiscint agus téacs a léamh níos fearr.

## Áiseanna sa rannóg seo

Tá sampla sa chaibidil seo de Dhráma Léitheoireachta bunaithe ar scéal na muc beaga. Is féidir páirteanna a thabhairt do pháistí a oireann dá riachtanais.

Tabhair faoi deara go bhfuil;
**téacs dúshlánach** ag na carachtair Mamaí Muc agus Marcas Muc,
**téacs ag meánleibhéal** ag Máire Muc agus ag an Uasal Mac Tíre
**téacs ag leibhéal tacaíochta** ag Micilín Muc.

# Na Muca Beaga agus an Gníomhaire Talún



**NA CARACHTAIR**

Mamaí Muc

Micilín Muc

Máire Muc

Marcas Muc

An tUasal Mac Tíre (An Gníomhaire Talún)

**Marcas Muc:** Is liomsa an pláta sin, an ceann sin, tá m'ainm air. Is liomsa é!

**Micilín Muc:** Is liomsa é. Tá mo bhricfeasta air, is liomsa é anois!

**Mamaí Muc:** Stadaigí den troid. Tá tinneas cinn orm ag éisteacht libh. Níl spás sa teach seo do cheathrar.

**Máire Muc:** Níl cinnte! Níl aon spás ann do mo rothar.

**Mamaí Muc:** Tá sé in am agaibh bogadh amach. Teach beag deas do gach muc, bheadh sin go hálainn!

**Micilín Muc:** Mm! Ba mhaith liomsa teach le trí sheomra leapa, cistin ollmhór agus seomra suite beag deas.

**Mamaí Muc:** Bheadh sin deas cinnte.

**Máire Muc:** An sin é? Ba mhaith liomsa tobán te agus .... leaba mór go leor do rí!

**Mamaí Muc:** Tobán agus leaba! Agus cistin? An mbeidh tú ag cócaireacht?

**Máire Muc:** Ní bheidh. Is féidir liom bia a ordú! BLASTA!

**Marcas Muc:** Ba mhaith liomsa teach le dhá sheomra leapa, cistin, seomra suite, seomra folctha agus ... grianphainéil agus bairille d'uisce fearthainne.

**Mamaí Muc:** Ó go hiontach! Beidh tusa go maith don phlainéad. Sin plean an-mhaith!

**Marcas Muc:** Ar aghaidh linn anois! Tá cúpla teach ar *tithe.ie*. Ba mhaith liom iad a fheiceáil.

**Máire Muc & Micilín Muc:** Cinnte. Slán a Mhamaí!

**Mamaí:** Slán a mhuca beaga! … *(go ciúin)* Bígí cúramach, tá mac tíre mór amuigh ansin.

…………………………………………………………………………………………………

**Marcas Muc:** Anois, cá bhfuil an chéad teach? Suas an bealach seo… ar chlé, agus anois ar dheis, sin é!

**Máire Muc:** Tá sé … em … deas.

**Micilín Muc:** An bhfuil?

**Mac Tíre:** A chairde, is mise an gníomhaire talún. Tá fáilte romhaibh. Isteach libh. An bhfuil suim agaibh sa teach seo? Tá dhá sheomra leapa ann, cistin, seomra suite, … em… sórt seomra folctha …

**Marcas Muc:** … agus cuirfidh mise grianphainéil agus bairille d'uisce fearthainne ann. Beidh sé go hálainn!

**Mac Tíre:** Beidh sé go hálainn ar fad! Ach tá sé déanta as brící, ní as féar ná adhmad.

**Marcas Muc:** Is cuimhin liom an scéal sin!

**Máire Muc & Micilín Muc:** Cén scéal?

**Marcas Muc:** An cuimhin libh an scéal faoi na muca beaga agus na tithe déanta as brící, adhmad agus féar? Agus tháinig an … tháinig an …

**Marcas Muc, Máire Muc & Micilín Muc:** MAC TÍRE! ÁÁÁ! Rithigí!

**Mac Tíre:** Fanaigí! Cén fáth a mbíonn an scéal sin ag muca beaga? Is **fuath liom** an scéal sin!

**Mamaí Muc:** Tá mé an-sásta go bhfuil sibh ar ais sa teach. Mo mhuca beaga!